Máthair

Baí *Mr Holohan,*[1] rúnaí cúntach *Eire Abu Society* [sic],[2] baí ag siúl suas síos sráideanna Átha Cliath la beagnach mí anuas, a lámha agus a phócaí lán de ghiotaibh broca páipéir, do eagrú na sraithe ceolchoirmeacha. Baí leathchos bhacach faoi asar bhaisteadar a chairde Hoppy Holohan air. Shiúladh suas síos gan stad, nó sheasadh ag cúinnibh sráideanna ar feadh uaireannta an chloig ag dóbartaíl agus ag breacadh nótaí ar phár; acht i ndeireadh na dála ba í *Mrs Kearney*[3] a d'eagraigh gach aon ní.

La teann oilc a d'éirigh *Miss Devlin*[4] ina Mrs Kearney. Fuair oideas i gclochar uasaicmeach, inar fhoghlaim Fraincis agus ceol. De bhrí gurbh é a dúchas aici beith mílítheach agus doicheallach, ba bheag cairde a bhaí aice sa scoil. Nuair a tháinig sí in inmhe a pósta, cuireadh gosan iomad tithe í inar tugadh an-mheas ara hoilteacht cheoil agus ara dóigh choimhthíoch. Ansin a shuíodh sí lana cnuasach buanna fuara dho fheithimh la suiríoch éigin a rachadh isa bhfiontar do thairiscint saol na bhfuíoll di. Acht na fir lana gcasadh sí, bádar coitianta agus ní thugudh sí misneach dá laghad dóibh, ach d'itheadh go leor *Turkish Delight* fo cheilt in iarracht thabhairt sóláis dá miantaibh rómánsúla. Nuair a bhaí aois na seanmaighdine ag drannadh léi agus thosaíodar a cairde ag caint fúithi áfach, phós sí Mr Kearney, gréasaí as Cé Urmhumhan, do chur a mbéadán siar ina mbéal.

Baí seisean i bhfad níos sine ná í. A chuid cainte, caint a bhaí stuama dáiríre, thagadh amach asa fhéasóg mhór dhonn i ndreasaibh gairide. Tar éis bliana den tsaol pósta, thug Mrs Kearney fo deara gur fheil fear dá leithéad níos fearr di ná duine rómánsúil, acht níor chaith sí a nóisin rómánsacha san aer riamh. Baí sé stuama, tíosach agus cráifeach; théadh don teampull uair sa mhí aran chéad-Aoine – uaireannta théadh léise, níos minice théadh leis féin ann. Acht d'fhan sí dílis dá teagusc féin agus baí sí ina mnaoi dílis dósan. Ag cóisir éigin i dtigh coimhthíoch sheasadh sé suas do fhágáil sláin aran chuideachta ar ardú leath-mhala oiread na fríde dhise agus, nuair a ghoilleadh a chasacht air, chuireadh sí bruthrach clúmh lachan thara chosa agus réiteodh puins láidir dó. Maidir leisean, ba athair dea-shamplach é. Chuireadh sé suim bheag airgid i gcumann gach seachtain, d'fhonn curtha céid punt an duine in áirithe dá bheirt iníonachaibh nuair a thagaidís in aois a gceithre bliana is fichid. Kathleen, an cailín is sine, chuir sé ar choinbhint mhaith í, ina ndearna sí staidéar aran Fhraincis agus ar cheol, agus d'íoc asa táillibh agan *Academy* ina dhiaidh sin.[5] Gach aon bhliain i mí Iúil fuair Mr Kearney an deis do rá la cara éigin:

“Tá m'fhear maith ag seoladh gosna Sceirí sinn ar feadh roinnt seachtainí.”

Murab iad na Sceirí, ba é Binn Éadair nó Na Clocha Liatha a bheadh i gceist.

Nuair a tháinig Athbheochan na Gaeilge i bhfaisean baí Mrs Kearney meáite ar bhaint tairbhe as ainm a hiníne agus cuir sí teagascóir Gaeilice aran tigh. Sheoladh Kathleen[6] agus a dheirfiúr cártaí poist Gaeilice gona gcairde agus sheolaidís na cairde seo cártaí Gaeilice eile ar ais. Domhnaigh fo leith, nuair a théadh Mr Kearney don Leas-Ardeaglais i gcuideachta a chlainne, chruinnídís drong bheag i ndiaidh an Aifrinn ar Shráid na hEaglaise. Ba chara lasna Kearneys an uile dhaoine dhíobh – cairde ceoil nó cairde Náisiúnacha; agus nuair a bhíodh gach aon bhlúire béadáin spíonta amach acu chroitheadar lámha in éineacht, go ndearnadar gáire fo thrasnú an iomad lámh, agus dhéanaidís ceiliúradh dá chéile as Gaeilic. Níorbh fhada go rabh trácht bheag ar ainm *Miss Kathleen Kearney*. Dúradar daoine go rabh sí an-chliste ar cheol agus gur chailín sochaideartha í agus, lana chos sin, go rabh a croí istigh i ngluaiseacht na teangan. Baí Bean Uí Cearnaigh breá sásta la seo. Dá thairbhe sin ní rabh ionadh uirthi nuair a tháinig Mr Holohan chuici lá amháin do thairiscint poist dá hiníon mar thionlacaí ceoil sna cheithre cheolchoirm thabharfadh a *Society* sna *Antient Concert Rooms*.[7] Tug Mrs Kearney isteach don tseomra suí é, cuir ina shuí é gur tarraing amach an *decanter* agus an soitheach airgid brioscaí milse. Cíor an bhfiontar go mion, mol rudaí áirithe dhó agus cuir ó rudaibh

eile é; gur síneadh conradh sa deireadh a gheall ocht nguine do Kathleen asa obair mar thionlacaí sna cheithre choirm cheoil.

Mar gheall ara aineolaí is a bhaí Mr Holohan ar chúrsaibh íogaire mar fhoclaíocht bhillí agus eagrú chlár ceolchoirme, d'fhóir Mrs Kearney air. Baí stuaim aici. Tuig sí cé na healaíontóirí ar chóir scríobhadh síos a n-ainmneacha i gceannlitreachaibh móraibh agus cé na healaíontóirí dar fheil cló beag. Baí a fhios aici nár mhaith lasan gcéad-teanór tuidheacht aran stáitse tar éis dreasa grinn Mr Meade. Na dréachtaí ceoil nach rabh mórán iontaoibh aici astu, cuir sí idir na cinn sean-triailte iad do chealgadh an lucht féachana. Théadh Mr Holohan isteach chuici gach aon lá do iarraidh a comhairle fo ghné seo nó fo ghné siúd. Baí sí cairdiúil cabhrach i gcónaí – tíriúil, déanta na fírinne. Shíneadh an teisteán chuige, ag rá:

"Anois, tarraing ort é, Mr Holohan!"

Agus ag tarraingt air féin dó, dearadh sí:

"Ná bíodh cúthail ort! Tóg do sháith dhe!"

Chuaigh gach uile rud ar aghaidh go seó. Ceannaigh Mrs Kearney *charmeuse*[8] ghleoite ar dhath luisne grua i siopa Brown Thomas do fhuáil ar éadan gúna Kathleen. Chosain sí pingin mhaith airgid uirthi; acht uaireanta is fiú an tairbhe an t-airgead. Ceannaigh sí dosáin ticéad-dhá-scilling don choirm ceoil do sheoladh gosna cairde nach rabh iontaoibh a dteachta aici murach sin. Ní dhearna dearmad ar aon rud agus, a bhuíochas uirthise, cuireadh i gcrích gach rud a bhaí la déanamh.

Dé Céadaoine, Déardaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn a bheidís na ceolchoirmeacha ar taispeáint. Nuair a tháinig Mrs Kearney lana hiníon gosan Halla Ceolchoirme Ársa oíche Dé Céadaoine, níor thaitin an chuma aran scéal léi. Ina seasamh go díomhaoin sa phóirse bádar cúpla fear óg a rabhadar suaitheantais ghorma na spéire ara gcótaibh; ní rabhadar éadaí foirmiúla á gcaitheamh ag duine ar bith dhíobh. Lean sí ar aghaidh tharstu in éin-fheacht lana hiníon agus ar spléachadh isteach doras oscailte an halla dhi tuig údar díomhaointeas na stíobhard. Rith sé léi ar feadh nóiméid go ndearna sí earráid fon uair. Acht ní dhearna, baí sé fiche nóiméad chun a hocht.

Sa tseomra feistis ar chúl stáitse cuireadh in aithne rúnaí na Cumann, *Mr Fitzpatrick* di.[9] Dein sí miongháire agus croith lámh leis. Fear beag la gnúis mhílítheach bhómánta a bhaí ann. Tug sí suntas do leathstuaic mhíshlachtmhar a hata boig doinn agus dá thuin thútach chainte. Baí clár léirithe i leathláimh aige agus cogain sé ceann de ina liothrach báite fad is a bhaí ag caint léi. Shílfeá nach luíodh sé go ró-ghéar air nuair a chuirtí cúl air. Táinig Mr Holohan isteach sa seomra feistis gach cúpla nóiméad la tuairisc ó oifig na dticéad. Labhraíodar na hoirfidigh go tinneallach lana chéile, agus tugadar sracfhéachaint aran scáthán ó am go ham nó cornadar agus leathadar amach a mbilleoga ceoil. Nuair a bhaí sé leathuair tar éis a hocht, tugadar an beagán daoine sa halla a mífhoighne in iúil. Táinig Mr Fitzpatrick isteach, dein miongháire leamh lasan lucht féachana agus dúirt:

"Is eadh anois, a fheara agus a mná uasail. Is dóigh liom nár mhór dúinn tús do chur lasan mbál."

Caith Mrs Kearney súil tharcaisneach air mar gheall ara shiolla deireanach neamhshnasta, gur thathantaigh ara hiníon:

"An bhfuilir réidh, a thaisce?"

Nuair a fuair sí an bhfaill, glaoigh Mr Holohan ar leith gur fiafraigh dhe céard ba chiall lasan laghad daoine.

Dúirt seisean gur botún é méad na gceolchoirm a d'eagraigh an Coiste: ba iomarca é cheithre chinn.

"Agus na *artistes*!" ar Mrs Kearney. "Ar ndóigh táid ag déanamh a ndíchill, acht is é fírinne an scéil nach bhfuilid go maith."

Admhaigh Mr Holohan nach rabhadar na hoirfidigh go maith acht bheartaigh an Coiste, a dúirt sé, bheartaigh ligean an trí ceolchoirm tosacha tharstu do choinneáil na n-oirfideach ab fhearr d'oíche Dé Sathairn. Ní dúirt Mrs Kearney aon rud, acht, de réir mar a lean na míreanna laga aran stáitse a chéile agus de réir mar a chuaigh an beagán daoine sa halla i dteirce, méadaigh a haiféala fon airgead a chaith sí ara leithéid de choirm cheoil. Baí rud éigin fon dealramh aran scéal nár thaitin léi agus spréach meangadh leamh gáire Mr Fitzpatrick í. Mar sin féin, coinnigh sí guaim uirthi féin agus fan go deireadh. Táinig deireadh lasan gceolchoirm go gairid roimh a deich agus imíodar na huile dhoíni abhaile go tapaigh.

Baí níos mó daoine ann oíche Déardaoin acht tug Mrs Kearney fo deara aran toirt gur tugadh ticéid in aisce don lucht féachana. Iompraíodar an lucht féachana iad féin go míchuibhiúil, mar nach mbeth sa cheolchoirm acht cleachtadh feistithe. Shílfeá gur bhain Mr Fitzpatrick sult asan oíche; níor thuig go rabh Mrs Kearney ag cur croin sa bhealach a bhaí leis. Seas sé ar imeall an scáthláin, ag sá a chloiginn amach ó am go ham do gháire la beirt cairde leis ar chúinne an áiléir. Fuair Mrs Kearney amach an oíche sin go gcuirfí ceolchoirm oíche Dé hAoine ar ceal agus go ndéanfadh an Coiste a seacht ndícheall chun bhaint amach lán tí oíche Dé Sathairn. Nuair a chuala sí seo, chuaigh ar thóir Mr Holohan. Geafáil é ara bhealach bacach amach la gloine líomanáide do bhean óg uasal, agus ceistigh dhe arbh fhíor é. Sea, a deir sé, b'fhíor.

"Acht, ar ndóigh, ní athríonn sin an gconradh," ar sí. "Conradh cheithre cheolchoirm atá ann."

Shílfeá go rabh deifir ar Mr Holohan; Mol sé dhí labhairt la Mr Fitzpatrick. Baí Mrs Kearney ara haireachas anois. Mar sin glaoigh anall Mr Fitzpatrick óna scáthlán go ndúirt leis gur chuir a hiníon a hainm la cheithre cheolchoirm agus go rabh an cúiteamh a beartaíodh ar dtús, go rabh sé sin dlite dhí, cuma cé dhíobh dá gcuireadh an chumann cheithre cheolchoirm ar siúl nó nach gcuireadh. Níor thuig Mr Fitzpatrick a háiteamh láithreach agus baí an chuma aran scéal nach bhféadfadh sé an fhadhb do réiteach. Dúirt go dtarraingeodh an gceist anuas os comhair an *Comittee*. Éirigh círín ar Mrs Kearney agus ba é a cloch nirt staonadh ó chuir na ceiste:

"Agus cé hé an *Cometty* más eadh?"

Acht tuig nach mbeadh sé sin banúil uaithi, agus fan ina tost.

Cuireadh buachaillí óga ar phríomhshráideanna Átha Cliath go luath Dé hAoine la bearta fógrán. Baí bolscaireacht speisialta i ngach uile pháipéar nuachta tráthnóna a thug la fios do leantóiribh ceoil an aoibhneas a bhaí fona gcoinne an oíche dá éis. Maolaigh sin faitíos Mr Kearney beagán, acht togair insint cuid dá hamhras dá fiur. Éist seisean go cluasach, go ndúirt nár mhór dó, b'fhéidir, tuidheacht ina cuideachta oíche Dé Sathairn. Aontaigh sí leis. Baí meas aici ara fiur céile sa dóigh chéanna is a bhaí meas aici ar Ardoifig an Phoist, mar rud mór daingean diongbháilte; agus cé gur tuig sí laghad a bhuanna baí meas aici air a bhuíochas ara luach teibí mar fhear. Baí sásta gur mhol sé dul léi. Cuimhnigh a plean.

Táinig oíche na coirme móire. Táinig Mrs Kearney, a fear céile agus a hiníon isteach isan *Antient Concert Rooms* trí cheathrú uaire ren am a bhaí an cheolchoirm la tosú. Aran drochuair tráthnóna

beag fliuch a bhaí ann. Fág Mrs Keaney éadaí a hiníne i gcúram a fear céille agus cuardaigh an bhfoirgneamh ó bhun go barr ar Mr Holohan nó ar Mr Fitzpatrick. Níor aimsigh ceachtar díobh. Ceistigh dena stíobhardaibh an rabh duine ar bith den Choiste sa halla agus, tar éis buairimh móir, tug stíobhard amach bean bheag darbh ainm *Miss Beirne*, gur mínigh Mrs Kearney dhi gur mian léi labhairt la duine dena rúnnaithibh. Baí Miss Beirne ag dréim leo nóiméad ar bith feasta agus fiafraigh an rabh aon ní a d’fhéadadh sise déanamh. Scrúdaigh Mrs Kearney an n-aghaidh scothaosta a bhaí craptha i strainc muiníne agus díocais, gur freagair:

“Níl, go rabh maith agat!”

Baí an bheainín ag súil la teach maith. Féach amach aran bháisteach gur bhain gruaim na sráide fliche gach rian den mhuinín agus den dhíocas dá ceannaithibh anchumthaibh. Ansin lig osna agus dúirt:

“Arú! Rinneamar ár ndícheall, ag Dia atá a fhios.”

B’éigin do Mrs Kearney filleadh aran seomra bhfeistithe.

Bádar na hoirfidigh ag tuidheacht isteach. Do tháinig an t-amhránaí dorghutha agus an teanór déach cheanna féin. Ba fhear caol óg la croiméal dubh scáinte an dordghuth, *Mr Duggan*.[10] Mac la doirseoir in oifig sa chathair ab ea é. Chanadh sé nótaí fada doird sa halla mór lom nuair a bhaí sé ina ghasúr. Do chuaigh sé chun cinn sa tsaol ón tús umhal seo nó go rabh sé ina oirfideach den chéad scoth. Chan sé i mór-cheoldráma cheanna. Oíche amháin, nuair a bhuail tinneas oirfideach ceoldráma, ghlac sé páirt an rí i gceoldráma *Maritana* sa *Queen’s Theatre*. Chan sé la fuinneamh is la faobhar agus bhuaigh cion an tslua; acht, faraor, shalaigh an gcion sin nuair a chuimil a shrón lana lámhainn uair nó dhó trí neamhaird. Duine neamhphostúil tostach ab é. D'fhuaimnigh ‘*yous*’ chomh híseal is nach dtabharfá fo deara é agus níor ól rud níos láidre ná bainne riamh ar mhaithe lana ghlór. Duine beag fionn ab é *Mr Bell*,[11] an teanór déach, a ghlac páirt sa ‘*Feis Ceoil’* [sic] gach bliain ar son na nduaiseanna. Bronnadh bonn cré-umha air ina cheathrú thriail. Ba dhuine thar a bheith imníoch é agus baí an-éadmhar ar fad lasna teanóir eile agus cheileadh a éad imníoch la caint is cairdeas spleodrach. Baí nós aige cur i gcion ar dhaoinibh gurbh ionann ceolchoirm agus páis céasta leis. Mar sin nuair a chonaic sé Mr Duggan gabh anall chuige do fhiafraí:

“An bhfuil páirt agatsa inti chomh maith?”

“Tá” ar Mr Bell.

Dein Mr Duggan gáire fona chomh-fhulangaí, shín amach a lámh agus dúirt:

“Croith lámh liom!”

Imigh Mrs Kearney thar an mbeirt bhfear seo agus chuaigh go himeall an scáthláin do fheiceáil an tslua. Bádar na suíocháin á líonadh go gasta agus ba údar misnigh torann an tslua. Táinig sí ar ais agus labhair os íseal lana fear. Ba léir gurbh eadh Kathleen ábhar a gcomhrá mar tugadar beirt sracfhéachaint thall uirthi go minic fad is a bhaí sise ina seasamh ag caint la bean dá cairdibh Náisiúnachaibh, Miss Healy, an *contralto*. Siúl bean aonarach bhánghnéítheach trasna an tseomra. Leanadar súile na mban an ngúna ngorm dtréigthe a theann uma corp dearóil. Dúirt duine amháin gur *Madam Glynn*, an soprana ab í.

“Meas tú cén carn aoiligh a fuaireadar ise?” ar Kathleen la hIníon Uí hÉilidhe. “Táim cinnte nár chualas trácht riamh uirthi.”

Chuaigh sé thar a hacmhainn ar Miss Healy choinneáil cúil ara meangadh gáire. Siúl Mr Holohan go bacach isteach sa seomra feistithe agan phointe sin agus cheistíodar an bheirt bhan óg cérbh í an bhean anaithnid. Madam Glynn as Londain ar sé. Seas Madam Glynn i gcúinne den tseomra, greim stalctha aici ara leabhrán ceoil agus féach thall nó abhus go scaollmhar ó am go ham. Bain scáth an chúinne de thréigeadh gorm a gúna acht lonnaigh go díoltasach aran gcuasán os cionn a dealracháin. Méadaigh torann an halla. Táinig an teanór géar agus an guth doird la chéile aran mball. Bádar beirt pointeáilte, beathaithe agus bogásach agus cuireadar blas galántachta lasan gcomhluadar.

Tug Missus Kearney a hiníon anonn ina láthair, gur labhair go cairdiúil leo. Teastaigh uaithi éirigh mór leo acht, cé go ndearnadh sí iarracht beith béasach, leanadar a súile Mr Holohan ara chuarsaibh camaibh. Fág sí ceiliúradh leo agus imigh ara shálaibh aran chéad-deis.

“A Mhister Holohan, táim ag iarraidh labhartha leat ar feadh nóiméid,” ar sí. Gabhadar síos an bpasáiste go háit ar leithligh. Ceistigh Missus Kearney de cathain a íocfaí a hiníon. Dúirt Mister Holohan go rabh sé sin fo chúram Mr Fitzpatrick. Dúirt Mrs Kearney nach rabh aithne ná eolas aici ar Mr Fitzpatrick. Do chuir a hiníon a hainm la conradh ar ocht nguine agus chaithfí a híoc. Dúirt Mr Holohan nár bhain sé sin leis.

“Conas nach mbaineann sé leat?” a cheistíos Bean Uasal Uí Chearnaigh. “Nach tusa a thug an gconradh dhi? Ar aon nós, mura bhaineann sé leatsa baineann liomsa agus teastaíonn a réiteach uaim.”

“Ba chóir duit labhairt la Mr Fitzpatrick,” a dúirt Mr Holohan go dúnárasach.

“Níl pioc eolais agam ar Mr Fitzpatrick,” a dúirt Missus Kearney an athuair. “Tá mo chonradh agam, agus tabharfad do m’aire go gcomhlíonfar é.

Nuair a fhill sí aran seomra bhfeistithe baí oiread na fríde de dheirge ina grua. Baí spleodar sa chuideachta. Baí seilbh an teallaigh gafa ag beirt fhear i gcótaibh móraibh agus bádar ag caint go teanntásach la Miss Healy agus amhránaí an dordghutha. Fear an *Freeman*[12] agus Mr O’Madden Burke ab iad. Tháinig fear an Freeman isteach dho rá nach bhféadfadh fanacht don cheolchoirm mar go gcaithfeadh déanamh tuairisce ar léacht a bheadh sagart Meiriceánach ag tabhairt i dTigh an Ardmhéara. Dúirt leo fágáil cuntais aran oíche leis in oifig an Freeman go gcinntíodh seisean a fhoilsiú. Ba fhear liath la glór síodúil agus la béasaíocht cháiréiseach é. Baí todóg mhúchta i leathláimh aige agus baí cumhrán thoit todóige ina thimpeall. Ní rabh rún aige déanamh moille ar bith mar ba leamh liosta leis ceolchoirmeacha agus oirfidigh acht fan sé ina sheasamh i gcoinne an mhatail. Seas Miss Healy fona bhráid agus í ag caint is ag gáire. Baí sé sách sean chun shamhlú cúise amháin lana cúirtéiseacht acht baí sách óg ina aigne chun bhaint sochair asan ócáid. Taitin teocht, cumhra agus dealramh a coirp lana chéadfaíbh. Tuig sé la sult gur mar gheall airsean a éirigh agus ísligh an ucht ina thug sé suntas agus gur chomhartha ómóis dó é an gáire, an chumhracht agus na súilfhéachana tnúthánacha. Nuair nach bhféadfadh fanacht nóiméad ar bith eile, fág slán aici go haiféalach.

“Scríobhfaidh O’Madden Burke an bhfógra,” a mhínigh do Mr Holohan, “agus cuirfeadsa isteach é.”

“Go rabh míle maith agat, Mr Hendrick,” a dúirt Mr Holohan, “cuirfir isteach é, táim cinnte dhe. Anois, nach mbeidh rud beag éigin agat sula n-imír?”

“Ní miste liom,” ar Mr Hendrick.

Chuadar an bheirt fhear trí roinnt pasáistí achrannacha agus suas staighre sa dorchadas gur tángadar ar sheomra ciúin ina rabh duine dena maoraibh ag baint na gcorc asna buidéalaibh do bhaicle daoine uaisle. Duine dena doínibh uaislibh, *Mr O'Madden Burke*,[13] d'aimsigh an seomra asa stuaim féin. Fear aosta síodúil ab é a lig scíth a thoirte móire ara scáth báistí mór síoda. Ba scáth morálta aige a shloinne mórfhoclach Gaedhealach a chuireadh sé mar thaca fo fhadhb íogair a ghustail. Baí meas mór air.

Fad is a bhaí Mr Holohan ag coinneáil comhrá la fear an *Freeman* baí Missus Kearney ag labhairt go chomh corraitheach sin gurb éigean dá fiur céile iarradh uirthi ísliú a glóir. Baí sí ag cur isteach ar chomhrá na ndaoine eile sa tseomra feistithe. Mr Bell, an céad-duine la dul amach aran stáitse, seas ar aire lana leabhrán ceoil acht níor thug an tionlacaí aon chomhartha dhó. Ba fhollas go rabh rud éigin cearr. Stán Mr Kearney amach go díreach roimhe gan féachaint thall ná abhus agus cuimil a fhéasóg, agus Mrs Kearney ag cogar go teasaí i cluais Kathleen. Táinig gleo gríosaithe ón halla: bualadh bos ara chéile agus bualadh cos aran talamh. Seas an príomh-theanóir, an guth doird agus Miss Healy la chéile, ag fanacht go socair, acht baí cearthaí ag tuidheacht ar Mr Bell mar baí faitíos air go sílidís an lucht féachana nár tháinig sé in am.

Táinig Mr Holohan agus Mr O'Madden Burke isteach sa seomra. Tug Mr Holohan an dtost fo deara i bhfaiteadh na súl. Chuaigh anonn go Mrs Kearney gur labhair go tromchúiseach léi. Méadaigh an torann sa halla agus iad ag caint. Éirigh Mr Holohan an-chorraitheach agus táinig círín dearg air. Baí sé ag spalpadh focal, acht dúirt Mrs Kearney go giorraisc ar uairibh:

"Ní rachaidh sí ar stáitse. Caithfidh sí fáil a hocht nguine."

Sín Mr Holohan a mhéar go práinneach i dtreo an halla ina rabh an slua ag bualadh bos is cos. Iarr ar Mr Kearney agus ar Kathleen. Acht coinnigh Mr Kearney ag cuimilt a fhéasóige agus féach Kathleen síos aran talamh agus corraigh bairr a slipéir nua rince: níorbh uirthise an locht. Dúirt Mrs Kearney arís:

"Ní rachaidh sí amach gan a cuid airgid."

Tar éis babhta groid sáraíochta imigh Mr Holohan de sciotán. Tit an seomra fo thost. Nuair a luigh teannas an tosta uirthi labhair Miss Healy lasan n-amhránaí dordghutha:

"An bhfacais *Mrs Pat Campbell*[14] an tseachtain seo?"

Dúirt an dordghuth nár fhaca í acht gur dúradh leis go rabh sí go han-mhaith. Níor leanadh níos faide lasan gcomhrá. Crom an príomh-theanór a cheann agus tosaigh ag ríomh na lúb den tslabhra óir ara rosta, fáthadh an gháire air agus é ag crónán nótaí seachránacha d'fhonn a n-aireachtála i gcuas a shróine. Caitheadar na huile dhoíni súil ar Mrs Kearney anois is arís.

Ardaigh torann an halla ina fhothram ceart fon am a tháinig Mr Fitzpatrick isteach sa seomra de sciotán la Mr Holohan ina dhiaidh agus saothar anála air. Chualathas feadaíl, mar aon lasan mbualadh bos is cos. Bádar cúpla nótaí bainc ina láimh ag Mr Fitzpatrick. Comhair sé amach cheithre cinn i láimh Mrs Kearney agus dúirt go bhfaigheadh sí an leath eile ag an am idirchéime. Dúirt Mrs Kearney:

"Tá cheithre scillinge in easnamh."

Acht cruinnigh Kathleen a gúna agus dúirt: "Anois, Mr Bell," la dul amach don chéad-phíosa ceoil. Baí seisean ar aon bharr amháin creatha. Chuaigh an t-amhránaí agus an tionlacaí amach la chéile. Chuaigh an torann sa halla i léig. In ndiaidh chúpla soicind, chualathas an pianó.

Éirigh go maith lasan gcéad-chuid den cheolchoirm, seachas amhrán Madam Glynn. Gabh an bhean bhocht *Killarney* i nguth gcneadach gan anam, agus gach gothaíocht agus iontonú seanchaite dá mheas sí cur galántachta lana hamhránaíocht, cuir. Shílfeá gur fritheadh í i sean-chófra feistis stáitse agus deineadar lucht na suíochán saor fonóid fona nótaibh géaraibh olagónachaibh. Cuireadh na gártha molta ren phríomhtheanór agus ren chontraltó áfach. Seinn Kathleen teaglaim fonn Éireannach a ndearnadh bualadh bos mór orthu. Cuireadh críoch lasan gcéad-chuid la haithris náisiúnach ghríosaitheach la bean óg a d'eagraíodh drámaí amaitéaracha. Baí an bualadh bos a tugadh dhi tuillte aici agus, nuair a chríochnaigh, chuadar na fir amach go sásta la haghaidh dheoch idirchéime.

I gcaitheamh an ama seo baí suaitheadh ar bun sa tseomra feistis. I gcúinne amháin baí Mr Holohan, Miss Beirne, beirt dena stíobhardaibh, an t-amhránaí baratóin, an t-amhránaí dordghutha agus Mr O'Madden Burke. Dúirt Mr O'Madden Burke go mba scannal é. Baí deireadh la gairm cheoil Miss Katherine Kearney in Áth Cliath as sin amach, a deir sé. Iaradh tuairim an bharatóin fo iompar Mhissus Kearney. Níor mhaith leis focal do rá. Do íocadh a phá dhó agus ba mhaith leis síocháin idir é féin agus an saol mór. Mar sin féin, shílfeá go gcuimhníodh Mrs Kearney arna ceoltóiríbh eile, a deir sé. Deinneadar na stíobhaird agus na rúnaithe cur is cúiteamh fo céard a dhéanfaidís nuair a thiocfadh an sos idirchéime.

"Aontaím la Miss Beirne," a dúirt Mr O'Madden Burke. "Ná híoctar dada léi."

I gcúinne eile den tseomra baí Mrs Kearney agus a fear, Mr Bell, Miss Healy agus an bhean óg a rabh uirthi an dán náisiúnach dho aithris. Dúirt Mrs Kearney gur náireach an chaoi a chaith an Coiste léi. Ní dhearna sí dhá leath dá dícheall ná den chostas, agus seo a rabh de bhuíochas uirthi.

Síleadar nach rabh plé acu acht la cailín agus, mar sin, go bhféadaidís a cur fona gcosaibh. Acht mhúinfeadh sise a mbotún dóibh. Ní leomhfaidís caitheamh léi mar sin dá mba fear í. Acht sheasfadh sise ceart a hiníne dhi: ní dhéanfaí óinseach dhi. Mura n-íocaidís don phingin deiridh í chuirfeadh sí gáir amach orthu in Áth Cliath. Ar ndóigh ba thrua léi an toradh a bheadh aige sin ar na *artistes*. Acht cérbh é an dara rogha aici? Iarr sí a bharúil aran teanór déach agus dúirt seisean gur meas nár caitheamh go maith léi. Ansin iarr sí a barúil ar Miss Healy. Ba mhaith la Miss Healy dul i leith an ghrúpa eile acht ní rabh sé de dhánacht aici a dhéanamh mar baí an-mhór la Kathleen agus thugaidís na Kearneys cuireadh dhi chun a dtí go minic.

Chomh luath is a bhaí an chéad-chuid críochnaithe gabh Mr Fitzpatrick agus Mr Holohan ionsar Mrs Kearney agus dúradar go n-íocfaí an cheithre ghuine eile tar éis chruinniú an Choiste an Mháirt ina dhiaidh sin agus, dá mba rud é nár sheinn a hiníon sa dara chuid, mheasfadh an Coiste go rabh an conradh briste agus ní íocfadh faic.

"Ní fhaca mé Coiste ar bith," a dúirt Mr Kearney go colgach. "Tá a conradh ag m'iníon. Gheobhaidh sí cheithre phunt is ocht scillinge ina láimh nó cos ní chuirfidh aran n-ardán sin."

"Ní shamhlóinn a leithéid leat, Mrs Kearney," a dúirt Mr Holohan. "Níor shamhlaíos riamh go gcaithfeá linn mar sin."

"Agus cén chaoi a chaithis liomsa?" a cheistigh Mr Kearney.

Baí sí dearg la fearg agus baí an chuma uirthi go ngabhfadh sí dá lámhaimh ar dhuine.

"Táim ag iarraidh mo chirt," ar sí.

“Shílfeá go mbeadh náire ionat,” a dúirt Mr Holohan.

“Shílfeá, muis?... Agus nuair a iarraim cathain a íocfar m’iníon ní fhaighim freagra béasach.

Caith sí a ceann agus cuir guth sotalach uirthi féin:

“Caithfir labhairt lasan rúnaí. Ní bhaineann sé liomsa. Is boc mór mise *fol-the-diddle-I-do*.

“Shíleas gur bhean uasal thú,” a dúirt Mr Holohan agus imigh go grod uaithi.

Ina dhiaidh sin ba tháir la cách iompar Mrs Kearney: meas gach aon duine go ndearna an Coiste an rud ceart. Seas sí sa doras agus í la ceangal, ag aighneas lana fear céile agus lana hiníon is ag oibriú a lámh leo. Fan go rabh sé in am tosú ar an dara leath go dtagadh duine dena rúnaithibh chuici. Acht deonaigh Miss Healy seinm tionlacain nó dhó. B’éigean do Mrs Kearney fágáil an bhealaigh don bharatón agus dá thionlacaí agus iadsan ag dul gosan n-ardán. Fan sí ina seasamh ar feadh nóiméid mar a bheadh dealbh fheargach cloiche inti agus, iar gclos chéad-nótaí an amhráin di, rug ar chlóca a hiníne agus dúirt lena fear:

“Faigh cab!”

Imigh seisean amach aran phointe. Clúdaigh Mrs Kearney a hiníon lasan mbrat agus lean é. Iar ndul amach dhi stop sa dorus gur tug súil fhiata ar Mr Holohan.

“Nílim réidh leat fós,” a deir sí.

“Acht táimse réidh leatsa,” ar Mr Holohan.

Siúl Kathleen go cúthail ceansa i ndiaidh a máthar. Tosaigh Mr Holohan ag céimniú suas agus anuas an seomra, in iarracht a fhuaraithe mar airigh mar a bheth a chraiceann fo thine.

“Is deas an bhean uasal sin!” a deir sé. “Ó is deas an bhean uasal ise!”

“Deinnis an rud ceart, Holohan,” a deir Mr O’Madden Burke, agus cuma an mholta aran dóigh a luigh sé go galánta ara scáth báistí.

1 ***Holohan:*** Ó hUallachán – as Mac Uallacháin (uallach + an iarmhír ‘-án’ sa tuiseal ghinideach i. Móiréiseach)

2 ***Eire Abu Society:*** Ní bhfuaireas trácht ar bith aran chumann seo aran idirlín. Is dóigh gur chum Joyce féin é. Is léir ón ainm gur cumann náisiúnach é.

3 ***Mrs Kearney:*** Bean Uasal Uí Chearnaigh – as 'cearnach' i. Buach

4 ***Miss Devlin:*** Iníon Uí Dobhuilin – as dobhuile (sa chiall crógacht mhire). Sin nó as 'dobhail' – do + bail i. mírath (foinsí: Wikipedia, surnamedb.com)

5 ***The Academy:*** An *Royal Irish Academy of Music*. Ar 42 Sráid an Phiarsaigh a bhí Ceol Acadamh Ríoga na hÉireann bunaithe ar dtús (féach nóta 7). Ansin d'athlonaigh go Faiche Siabhna. Ar 36 Rae an Iarthar atá anois.

6 **bhaint tairbhe as ainm... Kathleen:** ba shamhail í Caitlín ní hUallacháin d'Éirinn ag náisiúnaithibh. Seanbhean bhocht is í nár mhór d'fearaibh ógaibh troid ar a son. Kathleen, iníon Bhean Uí Chearnaigh, sin anglú aran ainm baiste céanna.

7 ***Society... Antient Concert Rooms:*** *Society of Antient Concerts.* Chuireadh an Cumann coirmeacha ceoil agus eile ar siúil ina halla ceolchoirme, na *Antient Concert Rooms,* 42 *Brunswick Street* (Sráid an Phiarsaigh anois). Is oifigí gnó atá san fhoirgneamh anois. *The Academy* i é ainm an fhoirgnimh (féach nóta 5).

8 ***Charmeuse:*** éadach snasta ar nós sróil acht níos míne. Déantar as síoda é.

9 ***Fitzpatrick:*** Anglú ar Mhac Giolla Phádraig

10 ***Mr Duggan:*** as 'Dubhagán' (dubh + -án)

11 ***Mr Bell:*** asan tSacsbhéarla 'Bell' (clog) nó as an Fhraincis 'Beau/Bel (dóighiúil) nó go deimhin asan tsloinne Gaeilige 'Mac Giolla Mhaoil' (maol = manach nó cléireach Eaglaise sa chás seo)

12 ***Freeman:*** *Freeman's Journal*. Páipéar nuachta a bhunaíodar beirt pholaiteoirí náisiúnacha Protastúnacha i 1763. Ceannaigh nuachtán eile, *The Irish Independant* é i 1924. Tá neart tagart don chlainn agus don nuachtán sa chnuasach scéalta seo la Joyce (féach an bhfonóta i Lá an Eidhneáin i Seomra an Choiste nó i Grásta mar shampla).

13 ***O’Madden Burke:*** Ó Mhaidín de Búrg (i. mada/madra beag den cheantar). Má bhain an leasainm do thaoiseach éigin mór la rá tráth dá rabh, níl mórán uaisleachta ag baint lasan leasainm féin!

14 ***Mrs Pat Campbell:*** Ban-aisteoir stáitse Shacsanach mhór la rá